C/2024/7450

12.12.2024

Fógra maidir le Bailiú Faisnéise i ndáil le hearraí Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide atá faoi réir dleachtanna ar allmhairí arna bhforchur ag an India agus maidir le bearta beartais tráchtála féideartha de chuid an Aontais faoi Rialachán (AE) Uimh. 654/2014

(C/2024/7450)

Tá faisnéis agus tuairimí á lorg ag an gCoimisiún Eorpach maidir le leasanna eacnamaíocha an Aontais in earraí Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) a ndéanann dleachtanna na hIndia difear dóibh, dleachtanna atá ar neamhréir le EDT agus atá infheidhme maidir le hallmhairí an Aontais isteach san India, agus maidir leis an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as Rialachán (AE) Uimh. 654/2014. Cuirfidh an Coimisiún Eorpach an t-ionchur a gheofar san áireamh agus breithniú á dhéanamh aige ar bhearta comhréireacha beartais tráchtála a d'fhéadfaí a dhéanamh mar fhreagairt ar dhleachtanna na hIndia atá ar neamhréir le EDT, i gcás nach dtiocfar ar réiteach sásúil arna chomhaontú go frithpháirteach idir an tAontas agus an India.

Spriocdháta chun an fhaisnéis a chur isteach:

60 lá tar éis dháta foilsithe an fhógra seo in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. *[Le nuashonrú le dáta beacht tar éis fhoilsiú IO.]*

Cén fáth a bhfuil an Coimisiún Eorpach ag déanamh comhairliúcháin:

Tá faisnéis agus tuairimí maidir le leasanna eacnamaíocha an Aontais á lorg ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 654/2014 an 15 Bealtaine 2014 ('an Rialachán maidir le Forfheidhmiú') ([1]). Ba cheart go gcuideodh an t-ionchur a gheofar leis an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar na paraiméadair chun bearta beartais tráchtála féideartha a shainiú, go háirithe maidir le riachtanas agus comhréireacht na mbeart sin. Leis an gcéim nós imeachta seo, ní dhéantar réamhbhreith ar aon ghníomhaíocht bhreise ón Aontas faoin Rialachán maidir le Forfheidhmiú.

Cé leis a bhfuiltear ag dul i gcomhairle:

Tá an Coimisiún ag súil le hionchur a fháil ó eintitis a ndéanann dleachtanna na hIndia ar earraí TFC áirithe difear dá leasanna, dleachtanna atá ar neamhréir le EDT, agus ó na heintitis sin a bhféadfadh bearta beartais tráchtála féideartha an Aontais difear a dhéanamh dóibh mar fhreagairt air sin.

Comhthéacs:

Ó 2014 i leith, cuireann an India dleachtanna ar allmhairí i bhfeidhm de bhreis ar an ráta ceangailte 0 % ina Sceideal Lamháltas agus Ceangaltas atá i gceangal le GATT 1994 maidir le hallmhairí earraí áirithe in earnáil na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide. I measc na n-earraí sin tá fóin phóca agus sásanna láimhe teileafóin, sreanga a úsáidtear le haghaidh teileachumarsáide, tiontairí statacha agus stáisiúin bhunáite. Tá dleachtanna suas le 20 % i gceist leis na dleachtanna a chuirtear i bhfeidhm ar allmhairí ón Aontas.

Reáchtáladh comhairliúcháin leis an India ag EDT an 21 Bealtaine 2019 ach níor éirigh leo an tsaincheist a réiteach. An 17 Feabhra 2020, d'iarr an tAontas go mbunófaí painéal EDT. An 17 Aibreán 2023, tháinig painéal EDT ar an gconclúid go bhfuil dleachtanna allmhairiúcháin na hIndia ar na hearraí atá i gceist ag sárú oibleagáidí na hIndia faoi GATT 1994.

Le linn 2023, chuaigh an Coimisiún agus údaráis na hIndia i mbun teagmhálacha déthaobhacha chun plé a dhéanamh ar réiteach féideartha, maidir le hábhar substainteach na díospóide agus maidir le féidearthachtaí nós imeachta chun foráil a dhéanamh maidir le headráin achomhairc mhalartach, rud a bhí le cur in ionad an Bhuanchomhlachta Achomhairc neamhfheidhmiúil, ach níor éirigh leis.

An 8 Nollaig 2023, chuir an India fógra achomhairc faoi bhráid EDT (i.e. faoi bhráid an Bhuanchomhlachta Achomhairc neamhfheidhmiúil). Níor aontaigh an India le headráin achomhairc mhalartach sa chás seo. Cuireann na gníomhaíochtaí sin cosc agus bac *de facto* ar réiteach críochnaitheach ceangailteach na díospóide sa chás seo.

Foráiltear go sonrach leis an Rialachán maidir le Forfheidhmiú d'fhorfheidhmiú chearta EDT an Aontais i gcás den sórt sin, go háirithe, tar éis tuarascáil ó phainéal EDT a scaipeadh lena seastar, go hiomlán nó go páirteach, leis na héilimh arna ndéanamh ag an Aontas, sa chás nach féidir achomharc faoi Airteagal 17 de Chomhaontú EDT um Réiteach Díospóidí a thabhairt chun críche agus mura bhfuil eadráin eatramhach achomhairc comhaontaithe ag an tríú tír faoi Airteagal 25 de Chomhaontú EDT um Réiteach Díospóidí.

([1]) IO L 189, 27.6.2014, lch. 50, arna leasú le Rialachán (AE) Uimh. 2021/167 an 10 Feabhra 2021.

I gcásanna den sórt sin, leagtar síos sa Rialachán maidir le Forfheidhmiú rialacha agus nósanna imeachta chun feidhmiú éifeachtach agus tráthúil chearta an Aontais a áirithiú maidir le lamháltais nó oibleagáidí eile faoi chomhaontuithe trádála idirnáisiúnta a chur ar fhionraí nó a aistarraingt, agus é d'aidhm aige freagairt do sháruithe tríú tíortha ar rialacha trádála idirnáisiúnta a dhéanann difear do leasanna an Aontais. Is é cuspóir deiridh na gníomhaíochta faoin Rialachán réiteach sásúil a lorg lena n-athbhunófar tairbhí d'oibreoirí eacnamaíocha an Aontais.

Leasanna tráchtála dá ndéantar difear:

Cuireadh srian ar allmhairí earraí TFC de thionscnamh an Aontais ag an India mar thoradh ar fhorchur dleachtanna atá ar neamhréir le EDT, rud a thugann buntáiste iomaíoch suntasach d'earraí a tháirgtear ar bhonn intíre agus a chruthaíonn dreasacht chun allmhairí a ionadú de réir a chéile.

In 2022-2024, ba mhó ná 3 bhilliún USD ar an meán luach na n-allmhairí ábhartha a d'allmhairigh an India ón Aontas. Rinne an Coimisiún scrúdú ar na héifeachtaí trádála ó dhleachtanna iomarcacha na hIndia agus é ag díriú ar línte taraife 8504 40 90 agus 8517 62 90. Go dtí seo, bhain na línte taraife sin le formhór onnmhairí an Aontais chuig an India sna catagóirí ábhartha earraí. Meastar go dtagann luach onnmhairí an Aontais a chailltear mar thoradh ar dhleachtanna na hIndia ar na línte taraife sin faoi réim EUR 58-93 mhilliún in aghaidh na bliana. An t-ionchur a chuirfear isteach de bhun an chleachtaidh bailithe faisnéise seo, cuirfear san áireamh é chun an measúnú ar na leasanna tráchtála dá ndéantar difear a chur i gcrích.

Bearta beartais tráchtála faoin Rialachán maidir le Forfheidhmiú:

Féadfaidh bearta beartais tráchtála faoin Rialachán maidir le Forfheidhmiú a bheith i bhfoirmeacha éagsúla agus ní mór iad a chinneadh ar bhonn na gcritéar seo a leanas, i gcás inarb ábhartha, i bhfianaise na faisnéise atá ar fáil agus leas ginearálta an Aontais:

— Éifeachtacht maidir le tríú tíortha a spreagadh chun rialacha trádála idirnáisiúnta a chomhlíonadh;

— A mhéid is féidir leo faoiseamh a thabhairt d'oibreoirí eacnamaíocha laistigh den Aontas, a ndéanann bearta tríú tír difear dóibh;

— Infhaighteacht foinsí soláthair malartacha do na hearraí lena mbaineann, chun aon tionchar diúltach ar thionscail iartheachtacha, ar údaráis nó eintitis chonarthacha, nó ar thomhaltóirí deiridh laistigh den Aontas a sheachaint nó a íoslaghdú;

— Castacht dhíréireach riaracháin agus costais dhíréireacha a sheachaint agus na bearta á gcur chun feidhme;

— Aon chritéir shonracha a d'fhéadfaí a bhunú i gcomhaontuithe trádála idirnáisiúnta.

I gcomhréir le hAirteagal 5 den Rialachán maidir le Forfheidhmiú, sa chás áirithe seo, d'fhéadfadh sé a bheith iomchuí breithniú a dhéanamh ar dhleachtanna ar allmhairí a d'fhéadfaí a thabhairt isteach nó a mhéadú thar NBF ([2]) agus/nó leibhéil GSP ([3]) ar allmhairí sonracha ón India. Féadfar dleachtanna ar allmhairí a thabhairt isteach nó a mhéadú i gcatagóir amháin earraí nó i roinnt catagóirí earraí agus/nó earraí sonracha. Chinnfí leibhéal na ndleachtanna ar bhealach lena n-áiritheofaí comhréireacht leis na caillteanais trádála a bhain d'onnmhaireoirí an Aontais.

Faisnéis a úsáid agus rúndacht

Chun breithniú iomlán a fháil, ba cheart barúlacha i scríbhinn a bheith chomh mionsonraithe agus is féidir agus ba cheart doiciméid tacaíochta a bheith san áireamh iontu. Ag deireadh an chomhairliúcháin seo, tiocfaidh tú ar spás inar féidir leat doiciméid tacaíochta a uaslódáil.

Faoi théarmaí an Rialacháin maidir le Forfheidhmiú, ní úsáidfear faisnéis a fhaightear de bhun an fhógra seo ach amháin chun na críche ar iarradh í.

([2]) Rátaí dleachta allmhairiúcháin an Náisiúin Barrfhabhair, de réir sceideal lamháltais agus cheangaltais an Aontais atá i gceangal le GATT 1994.

([3]) Córas Ginearálaithe um Fhabhair de bhunRialachán (AE) Uimh. 978/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena gcuirtear i bhfeidhm scéim um fhabhair tharaife ghinearálaithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 732/2008 ón gComhairle, IO L 303, 31.10.2012, lgh. 1.

Féadfaidh eintitis a chuireann ionchur isteach a iarraidh go gcaithfear leis an bhfaisnéis arna soláthar mar fhaisnéis rúnda. Sna cásanna sin, beidh achoimre neamhrúnda ag gabháil leis an ionchur ina gcuirfear an fhaisnéis i láthair i dtéarmaí ginearálta nó ráiteas ina míneofar na cúiseanna nach féidir achoimre a thabhairt ar an bhfaisnéis. Más cosúil nach bhfuil údar maith leis an iarraidh ar rúndacht agus mura bhfuil an soláthróir toilteanach an fhaisnéis a chur ar fáil go poiblí ná nochtadh na faisnéise i dtéarmaí ginearálta nó i bhfoirm achoimre a údarú, féadfaidh an Coimisiún neamhshuim a dhéanamh den fhaisnéis sin. Ní chuirfidh láimhseáil rúnda bac ar institiúidí an Aontais ná ar údaráis na mBallstát faisnéis ghinearálta a nochtadh. Ní mór leas dlisteanach na bpáirtithe lena mbaineann, is é sin nach sceithfí a rúin ghnó, a chur san áireamh i nochtadh den sórt sin.

Féadfaidh faisnéis a fhaightear de bhun an Rialacháin maidir le Forfheidhmiú a bheith faoi réir iarraidh ar rochtain ar dhoiciméid faoi Rialachán AE 1049/2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid de chuid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin. ([4]) I gcásanna den sórt sin, déanfar an iarraidh a mheasúnú de réir na gcoinníollacha a leagtar amach i Rialachán 1049/2001 agus i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme maidir le cosaint sonraí.

Chun tuilleadh eolais a fháil nó má bhíonn aon fhadhbanna agat agus an fhoirm á líonadh isteach agat, déan teagmháil le:

TRADE-REG-654-2014-INFOGATHERING@ec.europa.eu

([4]) Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid de chuid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin, IO L 145, 31.5.2001, lch. 43.

FOIRM BAILITHE FAISNÉISE

Eolas fút féin:

1. Teanga m'aighneachta:

2. Aontaím leis na forálacha maidir le cosaint sonraí pearsanta.

3. Céadainm

4. Sloinne

5. Seoladh ríomhphoist

6. Is sa cháil seo a leanas a chuirim m'aighneacht isteach:

(*Más gnólacht dlí nó comhairleoir thú atá ag cabhrú le cuideachtaí agus iad ag tabhairt freagra ar an gcomhairliúchán seo, roghnaigh an freagra 'cuideachta/gnó', le do thoil.*)

7. Raon feidhme:

8. An leibhéal rialachais:

— Údarás áitiúil

— Gníomhaireacht áitiúil

9. An leibhéal rialachais:

— Parlaimint

— Údarás

— Gníomhaireacht

10. Ainm na heagraíochta:

11. Méid na heagraíochta:

12. Uimhir chlárúcháin sa chlár trédhearcachta:

13. Tír thionscnaimh:

An fhaisnéis a iarrtar:

Iarrann an Coimisiún Eorpach ar eintitis a ndéanann dleachtanna allmhairiúcháin na hIndia ar earraí TFC difear dóibh, dleachtanna atá ar neamhréir le EDT, an méid seo a leanas a roinnt:

14. faisnéis atá cothrom le dáta maidir lena n-onnmhairí agus/nó a n-allmhairí isteach san India ón Aontas faoi Chóid Taraife na hIndia atá liostaithe sa tábla thíos.

8504 40 90 – Tiontairí stataca: eile
8517 13 00 – Fóin chliste
8517 14 00 – Teileafóin eile le haghaidh líonraí ceallacha nó le haghaidh líonraí eile gan sreang
8517 61 00 – Stáisiúin bhunáite
8517 62 90 - Meaisíní le haghaidh guth, íomhánna nó sonraí eile a fháil, a thiontú agus a tharchur nó a athchruthú, lena n-áirítear gléasra lasctha agus ródaithe: eile

8517 71 00 – Aeróga agus frithchaiteoirí aeróige de gach cineál; páirteanna atá oiriúnach le húsáid leo
8517 79 10 – Cláir ciorcad phriontáilte atá luchtaithe nó líonta
8517 79 90 – Páirteanna de ghléasra teileafóin, teileafóin le haghaidh líonraí ceallacha nó le haghaidh cinn eile: eile

15. faisnéis atá cothrom le dáta maidir le luach na n-onnmhairí ón Aontas agus/nó a n-allmhairí isteach san India ón Aontas i ndáil le Cóid Taraife chéanna na hIndia atá faoi réir na ndleachtanna custaim.

8504 40 90 – Tiontairí stataca: eile
8517 13 00 – Fóin chliste
8517 14 00 – Teileafóin eile le haghaidh líonraí ceallacha nó le haghaidh líonraí eile gan sreang
8517 61 00 – Stáisiúin bhunáite
8517 62 90 - Meaisíní le haghaidh guth, íomhánna nó sonraí eile a fháil, a thiontú agus a tharchur nó a athchruthú, lena n-áirítear gléasra lasctha agus ródaithe: eile
8517 71 00 – Aeróga agus frithchaiteoirí aeróige de gach cineál; páirteanna atá oiriúnach le húsáid leo
8517 79 10 – Cláir ciorcad phriontáilte atá luchtaithe nó líonta
8517 79 90 – Páirteanna de ghléasra teileafóin, teileafóin le haghaidh líonraí ceallacha nó le haghaidh cinn eile: eile

Agus measúnú á dhéanamh aige ar an ngá atá le bearta beartais tráchtála féideartha agus ar pharaiméadair na mbeart sin, tá ionchur á lorg ag an gCoimisiún ó eintitis a ndéanann dleachtanna allmhairiúcháin na hIndia difear dóibh agus ó eintitis a bhféadfadh bearta beartais tráchtála féideartha an Aontais difear a dhéanamh dóibh:

16. tuairimí agus faisnéis a mheasann siad a bheith ábhartha maidir leis na catagóirí táscacha earraí a shonraítear **sa liosta thíos**, atá ionadaíoch ar roinnt de phríomhonnmhairí na hIndia chuig an Aontas, a d'fhéadfadh a bheith faoi réir bearta beartais tráchtála féideartha de chuid an Aontais mar fhreagairt air sin.

Is é is aidhm don liosta táscach thíos bailiú an ionchuir a éascú.

I. **Talmhaíocht agus iascach**

Cód CC	Tuairisc
0307 43	Cudail agus scuideanna, iad reoite
0711 40	Cúcamair agus gircíní atá leasaithe go sealadach
0712 20	Oinniúin thriomaithe
0804 50 00, 0811 90 11, 0811 90 31, 0811 90 85	Mangónna, iad úr agus reoite
0806 10	Fíonchaora úra
0901	Caife
0902	Tae
0910 11, 0910 12	Sinséar
1006	Rís
2401 10, 2401 20	Tobac

II. **Ceimiceáin agus plaistigh**

Cód CC	Tuairisc
3204	Ábhair dhathúcháin orgánacha sintéiseacha, bídís sainithe ó thaobh ceimice nó ná bídís; ullmhóidí bunaithe ar ábhair dhathúcháin orgánacha sintéiseacha de chineál a úsáidtear chun fabraicí a dhathú nó chun ullmhóidí datháin a tháirgeadh; táirgí orgánacha sintéiseacha de chineál a úsáidtear mar oibreáin ghealaithe fhluaraiseacha nó mar lúmanafóir, bídís sainithe ó thaobh ceimice nó ná bídís (seachas ullmhóidí faoi cheannteidil 3207, 3208, 3209, 3210, 3213 agus 3215)
3902 10	Polapróipiléin, i bhfoirmeacha príomhúla
3907 61, 3907 69	(Teireataláit phoileitléine), i bhfoirmeacha príomhúla

III. **Miotail**

Cód CC	Tuairisc
7601 go 7616	Alúmanam

IV. **Teicstílí agus Coisbhearta**

Cód CC	Tuairisc
6101 go 6117 6201 go 6217	Corpbheart
6302	Éadaí leapa, línéadach boird, línéadach ionlainne agus línéadach cistine de gach cineál ábhair theicstíle (seachas ceirteacha urláir, ceirteacha snasta, ceirteacha mias agus glantóirí deannaigh)
6403	Coisbhearta ar a bhfuil boinn amuigh atá déanta as rubar, plaistigh, leathar nó leathar comhdhéanta agus uachtair atá déanta as leathar (gan coisbhearta ortaipéideacha, buataisí scátála dá bhfuil scátaí oighir nó scátaí rollála ceangailte, agus coisbhearta de chineál bréagán a áireamh)

V. **Innealra agus trealamh leictreach**

Cód CC	Tuairisc
8412 90	páirteanna d'innill agus de mhótair neamhleictreacha, nach sonraítear in áit ar bith eile
8502 31	foirne ginte, arna gcumhachtú ag an ngaoth
8503 00	páirteanna atá oiriúnach le húsáid go príomha le mótair agus gineadóirí leictreacha, tacair giniúna leictreachais agus tiontairí rothlacha, nach sonraítear in áit ar bith eile nó atá oiriúnach gan a n-úsáid ach leis na hearraí sin amháin
8504 40	tiontairí statacha

Cód CC	Tuairisc
8517 13	fóin chliste le haghaidh líonraí gan sreang
8517 14	teileafóin le haghaidh líonraí ceallacha nó le haghaidh líonraí eile gan sreang (gan gléasra teileafóin líne le glacadóir gan sreang, agus fóin chliste a áireamh)
8517 62	Meaisíní le haghaidh guth, íomhánna nó sonraí eile a fháil, a thiontú agus a tharchur nó a athchruthú, lena n-áirítear gléasra lasctha agus ródaithe

VI. **Eile**

Cód CC	Tuairisc
4011	aerbhoinn nua, déanta as rubar
6907	leaca ceirmeacha agus pábháil, tíleanna teallaigh nó balla; ciúbanna mósáice ceirmeacha agus a leithéidí, bíodh tacú fúthu nó ná bíodh (gan a áireamh earraí as lón siliciúil iontaise nó as créanna siliciúla comhchosúla, earraí teasfhulangacha, tíleanna atá oiriúnaithe go sonrach mar mhataí boird, nithe ornáideacha agus tíleanna a mhonaraítear go sonrach le haghaidh sorn)

17. aon ionchur eile a mheasann siad a bheith ábhartha maidir le hearraí/réimsí eile.

18. Más mian leat aon doiciméid tacaíochta a roinnt, iarrtar ort iad a uaslódáil thíos agus na ceisteanna dá dtagraíonn siad a chur in iúl.

Ná cuir isteach sonraí pearsanta d'aon chineál sna doiciméid a uaslódálann tú más mian leat gan do shonraí pearsanta a bheith luaite.

19. An bhfuil faisnéis rúnda san áireamh i d'aighneacht?

20. Má tá, sonraigh na codanna de d'aighneacht atá faoi rún. Sna cásanna sin, tabhair achoimre neamhrúnda ar an bhfaisnéis sin.

Má dhealraíonn sé nach bhfuil údar maith le hiarraidh ar rúndacht agus mura mian leat nochtadh na faisnéise sin a údarú i bhfoirm ghinearálaithe nó i bhfoirm achoimre, forchoimeádann an Coimisiún a lánrogha gan aird a thabhairt ar an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil.